

Fíbín

Eoin Ó Dubhghaill

Bhí aisteoireacht déanta agam cheana ag aisteoireacht ar an scáileán ar an sobalchlár Aifric agus le cúpla gearrscannán agus tá mé ag aisteoireacht ar stáitse ó bhí mé sna naonáin bheaga i Scoil Cholmcille, an Tulaigh, agus an bealach ar fad tríd an meánscoil i gColáiste Cholmcille in Indreabhán. Ach, fiú ó thosaigh mé ar an tríú leibhéal in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí an samhradh seo, ní dhearna mé seó ná aisteoireacht cosúil leis an seó samhraidh ag Fíbín (Finscéalta Fíbín) do na coláistí samhraidh ar fud na tíre.

Is eagraíocht Ghaeilge é Fíbín atá bunaithe i gConamara ón mbliain 2003, ag speisialú i soláthar na drámaíochta ar ardchaighdeán i nGaeilge do pháistí de gach aois, trí úsáid a bhaint as meascán nuálach drámaíochta agus puipéadóireachta le chéile ar an aon ardán amháin leis an aidhm Gaeilge a spreagadh sa lucht féachana le siamsaíocht uathúil agus níl tada feicthe agam cosúil leis riamh, agus ní cheapaim go ndéanfaidh mé aon rud cosúil leis riamh arís.

Nuair a thosaigh mé ag obair le Fíbín ag tús an tsamhraidh, bhí a fhios agam go mbeadh sé éagsúil ó aon rud eile a bhí déanta agam go dtí sin ach ní raibh a fhios agam go mbeadh sé ar cheann de na nithe is craiceáilte agus is fearr a tharla sa saol go dtí seo dom. Seó faoi stair na teanga é Finscéalta Fíbín scríofa agam féin agus ag an mbeirt aisteoirí eile a bhí in éineacht liom, John Ó Ciardhubháin as Cluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath agus Ray Cuddihy as Dún ar Aill i gContae Chorcaí agus ag ár stiúrthóir, Brendan Murray. Bhí mé féin agus an bheirt aisteoirí eile ag déanamh camchuairte

timpeall na tíre ar feadh an tsamhraidh ag dul ó Bhaile Bhuirne i gCorcaigh go dtí Machaire Rabhartaigh i nDún na nGall agus gach áit idir eatarthu! Is lucht féachana de dhéagóirí gan mórán Gaeilge a bhí againn den chuid is mó agus is deacair a gcuid suime siúd a choinneáil ar feadh uair an chloig i dteanga nach dtuigeann siad ach ba é sin an dúshlán a bhí romhainn. Rinne mé rudaí nach ndearna mé cheana san aisteoireacht ar

nós puipéadóireachta agus briseadh an cheathrú balla, sin labhairt go díreach leis an lucht féachana i rith an seó. Ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar an méid a d'fhoghlaim mé agus tá go leor buíochais agus creidmheasa ag dul do Dharach Ó Tuairisg, Brendan Murray agus do Mhícheál Ó Domhnaill atá ag cur seirbhís uathúil siamsaíochta ar fáil trí Ghaeilge.



Radharc as Finscéalta Fíbín.